II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/173 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1-meitil-3-(trífhluaraimeitil)-1H-piorasól-4-carbocsaimíde (PAM), cioglocsaidime, ciafluimeitifeine, ciafluitrine, meatabrómúróin agus peintiaipiorad i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás cioglocsaidime, ciafluimeitifeine agus peintiaipiorad, leagtar síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás ciafluitrine leagtar síos MRLanna in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcás 1-meitil-3-(trífhluaraimeitil)-1H-piorasól-4-carbocsaimíde (PAM) agus meatabrómúróin, ní leagtar síos aon MRL sonrach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus toisc nach bhfuil na substaintí gníomhacha sin mar chuid d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, tá feidhm ag an luach réamhshocraithe 0.01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1), pointe (b), den Rialachán sin.

(2) Chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana le haghaidh béite-ciafluitrine agus ciafluitrine i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]). Sa tuairim réasúnaithe uaidh, dheimhnigh an tÚdarás an sainmhíniú ar iarmhar mar "ciafluitrin (ciafluitrin lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha (suim isiméirí)". Ós rud é gur isiméir de chuid ciafluitrine í béite-ciafluitrin, na MRLanna a leagtar síos le haghaidh ciafluitrine, cumhdaíonn siad béite-ciafluitrin freisin. Níl ceachtar de na substaintí formheasta a thuilleadh mar shubstaintí gníomhacha a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí san Aontas. Dá bhrí sin, rinne an tÚdarás measúnú ar na MRLanna ar bhonn úsáidí táirgí cosanta plandaí lasmuigh den Aontas, amhail iad siúd a leagann an Coimisiún Codex Alimentarius síos faoi láthair (uasteorainneacha iarmhar Codex ("CXLanna")) agus na lamháltais allmhairiúcháin a thuairiscíonn na Ballstáit. Chuir an tÚdarás san áireamh freisin úsáid údaraithe ciafluitrine i dtáirgí íocshláinte tréidliachta le haghaidh bó-ainmhithe agus ainmhithe den chineál caorach agus na MRLanna a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Mhol an tÚdarás na MRLanna a ísliú le haghaidh úll,

([1]) IO L 070, 16.3.2005, Lch 1.

([2]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for beta-cyfluthrin and cyfluthrin according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh béite-ciafluitrine agus ciafluitrine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(9):6837.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. IO L 152, 16.6.2009, Lch 11.

piorraí, prátaí, piobair mhilse/chloigíneacha, cabáistí cinn, "spíosraí ó thorthaí", "spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm", mucra (matán, ae, duán), bó-ainmhithe (matán, ae, duán), caorach (matán, ae, duán), gabhair (matán, ae, duán), each-ainmhithe (matán, ae, duán), éanlaith chlóis (matán, saill, ae), bainne capaill agus uibheacha éan. Mhol an tÚdarás na MRLanna a ardú le haghaidh seadóg, oráistí, líomóidí, líomaí, mandairíní, trátaí, ubhthorthaí, síolta ráibe, síolta cadáis. Thairis sin, mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann a choinneáil le haghaidh pónairí soighe, saille (mucra, bó-ainmhithe, gabhair, each-ainmhithe), bainne (bó, caorach agus gabhair) ar cuireadh isteach sonraí tacaíochta leordhóthanacha ina leith maidir le dea-chleachtas talmhaíochta, sonraí a ndearna an tÚdarás measúnú orthu. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí thuasluaite uile a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(3) Maidir le húsáid béite-ciafluitrine agus ciafluitrine ar chóilis, shainaithin an tÚdarás riosca géar féideartha le haghaidh tomhaltóirí dá leagfaí síos an CXL le haghaidh cóilise. Dá bhrí sin, ísleofar an MRL go dtí an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg.

(4) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin maidir leis na MRLanna le haghaidh eorna agus cruithneachta go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte, déanfar athbhreithniú orthu; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh ciafluitrine i ndáil le heorna agus cruithneacht a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(5) I gcás cioglocsaidime, chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([4]). Mhol an tÚdarás na MRLanna a ísliú le haghaidh úll, piorraí, aibreog, péitseog, fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, soiliriac/soilire tornapa, piseanna (úra, a bhfuil faighneoga acu), finéil Fhlórans, bliosáin chruinne, síolta ráibe, fréamhacha biatais siúcra agus éanlaith chlóis (meatán, saill, ae). Mhol sé na MRLanna a ardú le haghaidh sútha talún, prátaí, prátaí milse, meacain bhiatais, meacain ragaim, meacain bhána, fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg, raidisí, salsaibh, svaeideanna, tornapaí, gairleoige, seallóidí, brocailí, cóiliseacha, bachlóga Bruiséile, cabáiste cinn, cálráibí, ruachán Rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), puirsleán, seardas/duilleoga biatais, "luibheanna agus bláthanna inite", pónairí (gan faighneoga), lintilí, lúipíní/pónairí lúipíní, síolta poipín, síolta lus na gréine, síolta mustaird, síolta cadáis, síolta borráiste, bó-ainmhithe (meatán, saill, duán), caorach (meatán, saill, duán), gabhair (meatán, saill, duán), each-ainmhithe (meatán, saill, duán), bainne (bó, caorach, gabhair, capaill) agus uibheacha éan. Maidir le sútha talún, mhol an tÚdarás an MRL a ardú i gcomhréir leis an tuairim réasúnaithe uaidh roimhe sin maidir le MRLanna le haghaidh na substainte gníomhaí sin ([5]). Ós rud é gur tugadh aghaidh air sin cheana le Rialachán (AE) 2021/976 ón gCoimisiún ([6]), coinnítear ar bun an MRL a leagadh síos leis an Rialachán sin le haghaidh sútha talún. Mhol sé na MRLanna sin atá ann cheana a choinneáil le haghaidh táirgí eile ar cuireadh isteach sonraí tacaíochta leordhóthanacha ina leith maidir le dea-chleachtas talmhaíochta, sonraí a ndearna an tÚdarás measúnú orthu. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí thuasluaite uile a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(6) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin, maidir leis na MRLanna le haghaidh oinniúin earraigh/scailliún agus ciobúl, ceathrúna uain, searbháin muc, biolar agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, arbhar Indiach/arbhar agus insiltí luibhe ó fhréamhacha, go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte, déanfar athbhreithniú orthu; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh cioglocsaidime i ndáil leis na táirgí thuasluaite uile a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

([4]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for cycloxydim according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cioglocsaidime de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020; 18(1):5962.

([5]) *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue level for cycloxydim in strawberries* [Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh cioglocsaidime i sútha talún]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(8):5404.

([6]) Rialachán (AE) 2021/976 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar chioglocsaidime, mheipiocuait, *Metschnikowia fructicola* den tréithchineál NRRL Y-27328 agus phróiheicseaidé-óin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe. IO L 216, 18.6.2021, Lch 1.

(7) I gcás ciafluimeitifeine, chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([7]). Mhol sé na MRLanna atá ann cheana a choinneáil le haghaidh "torthaí citris", "cnónna crann", "torthaí póma", aibreog, péitseog, fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, sútha talún, torthaí ón sceach gheal/asaróil, dátphlumaí Seapánacha, trátaí, ubhthorthaí, cúcamar agus leannlusanna ar cuireadh isteach sonraí tacaíochta leordhóthanacha ina leith maidir le dea-chleachtas talmhaíochta, sonraí a ndearna an tÚdarás measúnú orthu. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(8) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin maidir leis na MRLanna le haghaidh mucra (matán, saill, ae, duán), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán), caorach (matán, saill, ae, duán), gabhair (matán, saill, ae, duán), each-ainmhithe (matán, saill, ae, duán) agus bainne (bó, caorach, gabhair, capaill) go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte, déanfar athbhreithniú orthu; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh ciafluimeitifeine i ndáil leis na táirgí thuasluaite uile a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(9) I gcás meatabrómúróin, chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([8]). Mhol sé an sainmhíniú ar iarmhar a athrú go dtí an tsuim de mheatabrómúrón agus 4-brómaifeiniolúiré, arna sloinneadh mar mheatabrómúrón.

(10) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir leis na MRLanna le haghaidh sútha talún, prátaí, meacain dhearga, meacain bhána, ceathrúna uain, spionáistí, biolar, duilleoga soilire, peirsile, sáiste, tíme, basal agus bláthanna inite, pónairí (a bhfuil faighneoga acu), pónairí (gan faighneoga), lus súgach, finéil Fhlórans, pónairí, piseanna, síolta lus na gréine, pónairí soighe, mucra (matán, saill, ae, duán), bó-ainmhithe (matán, saill, ae, duán), caorach (matán, saill, ae, duán), gabhair (matán, saill, ae, duán), each-ainmhithe (matán, saill, ae, duán) agus bainne (bó, caorach, gabhair, capaill) go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte do thomhaltóirí, déanfar athbhreithniú orthu; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh meatabrómúróin, i ndáil leis na táirgí thuasluaite uile, a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(11) I gcás peintiaipiorad, chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe isteach maidir leis na MRLanna atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([9]). Maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch, mhol sé dhá shainmhíniú ar leith ar iarmhar, "peintiaipiorad" agus "1-meitil-3-(trífhluaraimeitil)-1H-piorasól-4-carbocsaimíd", chun láithreacht na meitibilíte PAM de dheasca peintiaipiorad a úsáid i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a chumhdach. Mhol an tÚdarás na MRLanna a ísliú le haghaidh aibreog, péitseog agus coirce. Mhol sé na MRLanna a ardú le haghaidh seagail agus cruithneachta. Mhol sé na MRLanna atá ann cheana a choinneáil le haghaidh táirgí eile ar cuireadh isteach sonraí tacaíochta leordhóthanacha ina leith maidir le dea-chleachtas talmhaíochta, sonraí a ndearna an tÚdarás measúnú orthu. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal atá ann cheana nó ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(12) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin maidir leis na MRLanna le haghaidh oinniúin earraigh/scailliún agus ciobúl, ceathrúna uain, leitísí, biolar agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, ruachán Rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), spionáistí, puirsleán, seardas/duilleoga biatais, costóige, síobhas, cardún, soilire, finéil Fhlórans, cainneanna, biabhóg, síolta cadáis, eorna agus sorgaim go raibh roinnt

([7]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for cyflumetofen according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh ciafluimeitifeine de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2021;19 (8):6812.

([8]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for metobromuron according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh meatabrómúróin de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19 (9):6841.

([9]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels for penthiopyrad according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh peintiaipiorad de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021; 19(9):6810.

faisnéise ann nach raibh ar fáil agus gur ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte, déanfar athbhreithniú orthu; cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de dhá bhliain ó dháta foilsithe an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh peintiaipiorad, i ndáil leis na táirgí thuasluaite uile, a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(13) A mhéid a bhaineann le PAM, ceann de phríomh-mheitibilítí peintiaipiorad, mhol an tÚdarás, ar bhonn na staidéar inar scrúdaíodh meitibileacht pheintiaipiorad i mbeostoc, MRLanna a leagan síos ag an teorainn chinnidh ("LOD") i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch. Maidir le táirgí de bhunadh plandaí, níor mhol an tÚdarás aon MRL toisc nach mbaineann an mheitibilít sin le hábhar i ndáil le táirgí de bhunadh plandaí. Thairis sin, is féidir PAM a bheith ann go nádúrtha i dtáirgí de bhunadh plandaí, agus ní iomchuí MRL a leagan síos ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú in Iarscríbhinn II nach bhfuil feidhm ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg le haghaidh PAM maidir le táirgí de bhunadh plandaí. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás. Rinne an tÚdarás measúnú ar na CXLanna atá ann cheana sna tuairimí réasúnaithe uaidh. Chun na MRLanna a leagan síos, chuir an Coimisiún san áireamh na CXLanna sin a mheastar a bheith sábháilte do thomhaltóirí san Aontas.

(14) A mhéid a bhaineann le táirgí ar ina leith nach n-údaraítear úsáid an táirge cosanta plandaí lena mbaineann san Aontas agus nach bhfuil aon lamháltas allmhairiúcháin ná aon CXL ann ina leith, ba cheart MRLanna a leagan síos ag an LOD nó ba cheart feidhm a bheith ag an luach réamhshocraithe 0,01 mg/kg, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(15) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá atá ann LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(16) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(17) I gcás PAM, cioglocsaidime, ciafluimeitifeine, ciafluitrine, meatabrómúróin agus peintiaipiorad, chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula mbeidh na MRLanna modhnaithe infheidhme agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun.

(18) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú chun na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

A mhéid a bhaineann le PAM, cioglocsaidim, ciafluimeitifein, ciafluitrin, meatabrómúrón agus peintiaipiorad i ngach táirge agus ar gach táirge, beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 16 Lúnasa 2023.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh 1-meitil-3-(trífhluaraimeitil)-1H-piorasól-4-carbocsaimíde (PAM), cioglocsaidime, ciafluimeitifeine, meatabrómúróin agus peintiaipiorad:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	1-meitil-3-(trífhluaraimeitil)-1H-piorasól-4-carbocsaimíd (PAM)	Cioglocsaidim lena n-áirítear táirgí dighrádaithe agus imeibriúcháin ar féidir iad a chinneadh mar S-dé-ocsaíd aigéid 3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-TGSO2) agus/nó S-dé-ocsaíd aigéid 3-hiodrocsa-3-(3-tiainil)glútaraigh (BH 517-5-OH-TGSO2) nó díorthaigh díobh, arna ríomh ina n-iomláine mar chioglocsaidim	Ciafluimeitifein (an tsuim isiméirí)	Peintiaipiorad (F)	An tsuim de mheatabrómúrón agus 4-brómaifeiniolúiré, arna sloinneadh mar mheatabrómúrón
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**					**0,02** (*)
0110000	**Torthaí citris**		**0,09** (*)	0,5	0,01 (*)	
0110010	Seadóga					
0110020	Oráistí					
0110030	Líomóidí					
0110040	Líomaí					
0110050	Mandairíní					
0110990	Eile (2)					
0120000	**Cnónna crann**		**0,09** (*)	0,01 (*)	0,05	
0120010	Almóinní					
0120020	Cnónna Brasaíleacha					
0120030	Cnónna caisiú					
0120040	Castáin					
0120050	Cnónna cócó					

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0120060	Cnónna coill					
0120070	Macadaimia					
0120080	Cnónna peacáin					
0120090	Eithní cnónna péine					
0120100	Cnónna pistéise					
0120110	Gallchnónna					
0120990	Eile (2)					
0130000	**Torthaí póma**		**0,09** (*)	0,4	0,5	
0130010	Úlla					
0130020	Piorraí					
0130030	Cainchí					
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach					
0130050	Locuatanna					
0130990	Eile (2)					
0140000	**Torthaí cloiche**		**0,09** (*)			
0140010	Aibreoga			0,3	**3**	
0140020	Silíní (iad milis)			**0,01** (*)	4	
0140030	Péitseoga			0,3	**3**	
0140040	Plumaí			**0,01** (*)	1,5	
0140990	Eile (2)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0150000	**Caora agus torthaí beaga**					
0151000	(a) **fíonchaora**		**0,3**	0,6	0,01 (*)	
0151010	Fíonchaora boird					
0151020	Fíniúnacha coiteanna					
0152000	(b) **sútha talún**		4	0,6	3	**(+)**
0153000	(c) **torthaí cána**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	
0153010	Sméara dubha					
0153020	Eithreoga					

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)					
0153990	Eile (2)					
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		**0,09** (*)			
0154010	Fraocháin			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154020	Mónóga			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154050	Mogóirí róis			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil			0,4	0,4	
0154080	Caora troim			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0154990	Eile (2)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		**0,09** (*)			
0161000	(a) **craiceann inite**					
0161010	Dátaí			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161020	Figí			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161030	Ológa boird			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161040	Cumcuait			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161050	Torthaí réaltúla			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha			0,4	0,4	
0161070	Plumaí láva			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0161990	Eile (2)			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)					
0162020	Lítsíonna					
0162030	Páiseoga					
0162040	Piorraí deilgneacha					

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0162050	Réalt-úlla					
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha					
0162990	Eile (2)					
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**			**0,01** (*)	0,01 (*)	
0163010	Abhacáid					
0163020	Bananaí					
0163030	Mangónna					
0163040	Papánna					
0163050	Pomagránaití					
0163060	Céiriomoighe					
0163070	Guábhaí					
0163080	Anainn					
0163090	Torthaí aráin					
0163100	Duraígh					
0163110	Úlla deilgneacha					
0163990	Eile (2)					
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**					
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**			**0,01** (*)		
0211000	(a) **prátaí**		**4**		0,05	**0,03(+)**
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**					**0,02** (*)
0212010	Casabhaigh		**0,09** (*)		**0,01** (*)	
0212020	Prátaí milse		**0,6**		0,04	
0212030	Ionaim		**0,09** (*)		**0,01** (*)	
0212040	Ararút		**0,09** (*)		**0,01** (*)	
0212990	Eile (2)		**0,09** (*)		**0,01** (*)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**					**0,02** (*)
0213010	Meacain bhiatais		**3**		0,6	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0213020	Meacain dhearga		5		0,6	**(+)**
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		**3**		**0,01** (*)	
0213040	Meacain ragaim		**3**		0,6	
0213050	Bliosáin ghréine		0,9		0,6	
0213060	Meacain bhána		**3**		0,6	**(+)**
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		**1**		0,6	
0213080	Raidisí		**3**		3	
0213090	Salsabh		**3**		**0,01** (*)	
0213100	Svaeideanna		**1**		0,6	
0213110	Tornapaí		**3**		0,6	
0213990	Eile (2)		**0,9**		**0,01** (*)	
0220000	**Glasraí bleibíní**			**0,01** (*)		**0,02** (*)
0220010	Gairleog		**1,5**		0,8	
0220020	Oinniúin		3		0,8	
0220030	Seallóidí		**1,5**		0,8	
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		**0,3(+)**		4**(+)**	
0220990	Eile (2)		**0,3**		0,8	
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**					**0,02** (*)
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**				2	
0231010	Trátaí		1,5	0,4		
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha		9	**0,01** (*)		
0231030	Ubhthorthaí		1,5	0,4		
0231040	Ocra		**0,09** (*)	**0,01** (*)		
0231990	Eile (2)		**0,09** (*)	**0,01** (*)		
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**		**0,09** (*)		0,7	
0232010	Cúcamair			0,4		
0232020	Gircíní			**0,01** (*)		

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0232030	Cúirséid			**0,01** (*)		
0232990	Eile (2)			**0,01** (*)		
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,6	
0233010	Mealbhacáin					
0233020	Puimcíní					
0233030	Mealbhacáin uisce					
0233990	Eile (2)					
0234000	(d) **arbhar milis**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,02	
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**			**0,01** (*)		**0,02** (*)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**		**9**		4	
0241010	Brocailí					
0241020	Cóilis					
0241990	Eile (2)					
0242000	(b) **praiseach chinn**		**9**			
0242010	Bachlóga Bruiséile				0,01 (*)	
0242020	Cabáistí cinn				4	
0242990	Eile (2)				0,01 (*)	
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**		**3**		0,01 (*)	
0243010	Cabáistí Síneacha					
0243020	Cáil					
0243990	Eile (2)					
0244000	(d) **cálráibí**		**9**		0,01 (*)	
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**					
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**			**0,01** (*)		
0251010	Ceathrúna uain		**2(+)**		**20(+)**	**0,4(+)**
0251020	Leitísí		1,5		**20(+)**	**0,02** (*)

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0251030	Searbháin muc		1**(+)**		0,01 (*)	**0,02** (*)
0251040	Biolair agus eascróga agus péacáin eile		**1(+)**		**20(+)**	**0,02** (*)
0251050	Biolair thalún		**1(+)**		**20(+)**	**0,02** (*)
0251060	Ruachán Rómhánach		**3**		**20(+)**	**0,02** (*)
0251070	Mustard dearg		**3**		**20(+)**	**0,02** (*)
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		**3**		50**(+)**	**0,02** (*)
0251990	Eile (2)		**1**		**0,01** (*)	**0,02** (*)
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**		**2**	**0,01** (*)	30	**0,02** (*)
0252010	Spionáistí				**(+)**	**(+)**
0252020	Puirsleáin				**(+)**	
0252030	Seardas/duilleoga biatais				**(+)**	
0252990	Eile (2)					
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	**0,02** (*)
0254000	(d) **biolair uisce**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	**0,02** (*)**(+)**
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	**0,02** (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**			**0,02** (*)		**0,04** (*)
0256010	Costóg		**2**		20**(+)**	
0256020	Síobhas		**0,8**		**20(+)**	
0256030	Duilleoga soilire		**2**		**0,02** (*)	**(+)**
0256040	Peirsil		**2**		**0,02** (*)	**(+)**
0256050	Sáiste		**2**		**0,02** (*)	**(+)**
0256060	Marós		**2**		**0,02** (*)	
0256070	Tím		**2**		**0,02** (*)	**(+)**
0256080	Basal agus bláthanna inite		**2**		**0,02** (*)	**(+)**
0256090	Duilleog labhrais		**2**		**0,02** (*)	
0256100	Dragan		**2**		**0,02** (*)	
0256990	Eile (2)		**0,8**		**0,02** (*)	

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0260000	**Léagúim**			**0,01** (*)		**0,02** (*)
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		15		3	**(+)**
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		**15**		0,4	**(+)**
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		**2**		4	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		15		0,3	
0260050	Lintilí		**15**		0,01 (*)	
0260990	Eile (2)		**2**		0,01 (*)	
0270000	**Glasraí gais**			**0,01** (*)		**0,02** (*)
0270010	Lus súgach		**0,09** (*)		0,01 (*)	**(+)**
0270020	Cardúin		**0,09** (*)		**20(+)**	
0270030	Soilirí		**0,09** (*)		20**(+)**	
0270040	Finéal Fhlórans		**0,09** (*)		20**(+)**	**(+)**
0270050	Bliosáin chruinne		**0,09** (*)		0,01 (*)	
0270060	Cainneanna		4		3**(+)**	
0270070	Biabhóg		**0,09** (*)		15**(+)**	
0270080	Péacáin bhambú		**0,09** (*)		0,01 (*)	
0270090	Croíthe pailme		**0,09** (*)		0,01 (*)	
0270990	Eile (2)		**0,09** (*)		0,01 (*)	
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	**0,02** (*)
0280010	Fungais shaothraithe					
0280020	Fungais fhiáine					
0280990	Caonaigh agus léicin					
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**		**0,09** (*)	**0,01** (*)	0,01 (*)	**0,02** (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**			**0,01** (*)	0,3	**0,02** (*)
0300010	Pónairí		30			**(+)**
0300020	Lintilí		**20**			
0300030	Piseanna		30			**(+)**

(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7)
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		**20**			
0300990	Eile (2)		**20**			
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**			**0,01** (*)		
0401000	**Olashíolta**					
0401010	Ros lín		7		0,01 (*)	**0,02** (*)
0401020	Piseanna talún		**0,09** (*)		0,05	**0,02** (*)
0401030	Síolta poipín		**7**		0,01 (*)	**0,02** (*)
0401040	Síolta seasamain		**0,09** (*)		0,01 (*)	**0,02** (*)
0401050	Síolta lus na gréine		**7**		1,5	**0,02(+)**
0401060	Síolta ráibe		**7**		0,5	**0,02** (*)
0401070	Pónairí soighe		80		0,3	**0,02(+)**
0401080	Síolta mustaird		**6**		0,01 (*)	**0,02** (*)
0401090	Síolta cadáis		**7**		0,5**(+)**	**0,02** (*)
